

3. Sonraí maidir leis an Éileamh

Ainm an Bháid /
Árthaigh:

Uimhir chláráithe an
Bháid / an Árthaigh:

Olltonnáiste:
(Caithfidh sé a bheith
15 thona nó níos lú)

Suim iomlán
an éilimh: €

Cur síos ar an gcaiteachas a mbaineann an t-éileamh leis: (Cuir tic sa bhosca/sna boscaí cuí i ngach aon léaráid thíos)

- | | | | | | |
|--------------------------|----------|--------------------------|------------|--------------------------|------------|
| <input type="checkbox"/> | soláthar | <input type="checkbox"/> | iompórtáil | <input type="checkbox"/> | fruilíú |
| <input type="checkbox"/> | deisiú | <input type="checkbox"/> | mionathrú | <input type="checkbox"/> | cothabháil |

de

- an bháid / an árthaigh arna ainmniú thuas
- trealamh le húsáid i dtaca leis an mbád / leis an ártach arna ainmniú thuas
- an fhoirgnimh nó an struchtúr a thugann cóiríocht don bhád / don ártach arna ainmniú thuas

4. Dearbhú

Féadfar pionóis a ghearradh ar aon duine a dhéanann ráiteas bréagach go feasach chun críche aisíoc CBL a fháil. Scríos na roghanna i gcló **trom** thíos, de réir mar is iomchuí, agus cuir do lámh leis an dearbhú thíos má tá tú sásta go bhfuil sé ceart agus cruinn.

Dearbhaím -

- go bhfuil an **bád / an t-ártach** arna ainmniú thuas ceaptha agus tógtha, nó athchóirithe, chun críche tarrthála nó cúnamh ar muir agus uiscebhealaí intíre;
- sa mhéid go mbaineann an t-éileamh le trealamh, go n-úsáidtear an trealamh sin sa **bhád / san ártach** thuasluaite nó i dtaca leis an mbád / ártach thuasluaite;
- sa mhéid go mbaineann an t-éileamh le foirgneamh nó le struchtúr, go n-úsáidtear an foirgneamh nó an struchtúr sin chun cóiríocht a thabhairt don **bhád / don ártach** arna ainmniú thuas nó do threalamh le haghaidh **an bháid / an árthaigh** arna ainmniú thuas;
- nach n-úsáidtear an **bád / an t-ártach, agus / nó** an trealamh, **agus / nó** an foirgneamh nó struchtúr, de réir mar a bheidh, ach amháin i ndáil le tarrtháil nó cúnamh ar muir agus uiscebhealaí intíre nó i ndáil le daoine a oiliúint i dtaca lena leithéid de tharrtháil nó de chúnamh ar muir;
- nach bhfuil an comhlacht éilitheora cláráithe le haghaidh an CBL nó nach n-éilítear air clárú le haghaidh an CBL; agus
- go bhfuil na sonraí uile ar an bhfoirm seo fíor agus ceart ar feadh m'eolais agus mo chreidimh.

Síniú (Rúnaí):

Dáta:

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

TÁBHACHTACH - Léigh na nótaí seo a leanas go cúramach sula gcuirfidh tú d'éileamh isteach

1. Iniaigh:

- ♦ Fianaise dhoiciméadach (sonrasc, mar shampla) a léiríonn go mbaineann an t-eisíoc le bád nó le háρθach arb ionann a olltonnáiste agus 15 thona nó níos lú, atá ceaptha agus tógtha, nó athchóirithe, chun críche tarrthála nó cúnaimh ar muir agus uiscebhealaí intíre, nó le trealamh a úsáidtear sa bhád / san áρθach nó i dtaca leis, nó le struchtúr a úsáidtear chun cóiríocht a thabhairt don bhád / don áρθach / don trealamh nó a úsáidtear chun an bád / an t-áρθach / an trealamh a fheidhmiú;
- ♦ Sa chás nach é an Comhlachas Snámha agus Tarrthála an comhlacht éilitheora, ráiteas ón gComhlachas Snámha agus Tarrthála (seoladh reatha: Sábháilteacht Uisce na hÉireann, An Balla Fada, Gaillimh, H91 F602) a chuireann in iúl go gcuireann an comhlacht éilitheora seirbhísí tarrthála nó cúnaimh ar muir agus uiscebhealaí intíre ar fáil agus go gcomhlíonann nádúr agus réim na seirbhísí sin riachtanais an Chomhlachais i ndáil le heagrú agus feidhmiú comhlachtaí daoine a chuireann seirbhísí tarrthála nó cúnaimh ar muir agus uiscebhealaí intíre ar fáil;
- ♦ Bunleaganacha de na sonraisc le haghaidh na n-earraí agus na seirbhísí uile atá ina gcuid den éileamh nó bunleaganacha de na hadmhálacha le haghaidh an CBL a íocadh tráth a n-iompórtála;
- ♦ Sa chás go mbaineann éilimh le haisíoc an CBL ar chomhaontú / chomhaontuithe léasaithe / fruilithe, caithfear cóip dá leithéid de chomhaontú léasaithe / fruilithe a chur isteach i dteannta an chéad éilimh, chomh maith leis an Sonrasc nó Sceideal an CBL a íocadh agus Ráiteas Cuntais ó institiúid airgeadais a dheimhníonn a leithéid d'íocaíocht(aí). Ní gá ach an Sonrasc nó Sceideal an CBL a íocadh agus an Ráiteas Cuntais a chur isteach i dtaca le gach éileamh ina dhiaidh sin. Nuair a íoctar éilimh ar aisíoc CBL i ndáil le Comhaontú / Comhaontuithe Fruilcheannaigh, caithfear cóip de gach comhaontú dá leithéid a chur isteach i dteannta an tsonraisc / na sonraisc.

2. Ní mór éilimh ar aisíoc a chur isteach laistigh de cheithre bliana ó dheireadh na tréimhse inchánaí lena mbaineann an t-éileamh.

3. Sula gcuirfidh tú an t-éileamh seo isteach, ní mór duit a chinntiú:

- ♦ go bhfuil cuid 1 go cuid 3 comhlánaithe agat, an dearbhú i gcuid 3 san áireamh;
- ♦ go bhfuil an t-údarás i dtaca le do shíniú iniata;
- ♦ go bhfuil gach cáipéis tacaíochta iniata;
- ♦ gur féidir na sonraisc a léamh, go bhfuil siad dátaithe, agus go léiríonn siad suim an CBL, ainm, seoladh, agus uimhir CBL an tsoláthraí, agus go dtugtar cur síos imleor ar na hearraí agus ar na seirbhísí bainteacha;
- ♦ **go bhfuil fótachóipeanna de na cáipéisí tacaíochta iniata (sonrasc san áireamh) chomh maith más rud é gur mian leat go seolfar na bunleaganacha ar ais chugat;**
- ♦ go mbaineann an t-éileamh le heisíocaíocht a tabhaíodh laistigh de thréimhse 12 mhí nó níos mó.

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugtar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

4. Seoltar Foirmeacha Éilimh, i dteannta na gcáipéisí tacaíochta, ar ais chuig:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Rannóg an Ard-Bhailitheora, Rannóg na Scéime Aisíocaíochta CBL, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972.

Teil: 01 738 3663

Is féidir tuilleadh cóipeanna den fhoirm seo a fháil ón seoladh thuasluaite nó a íoslódáil ó shuíomh Idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim: www.revenue.ie

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear é seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí le fáil ar www.revenue.ie.